

AN COMHAIRLIÚCHÁN UM THREALAMH SÁBHÁILTEACHTA ÉIGEANTACH DO THIOMÁNAITHE 2015

Cúlra

Comhlacht Stáit is ea an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) a bunaíodh faoi reacht in 2009 agus atá freagrach as rialáil earnáil na mbeagfheithiclé seirbhíse poiblí (BFSP), i.e. tacsaithe, tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, fruilcharranna, fruilcharranna atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, fruilcharranna agus limisíní ceantair áitiúil, mar aon lena gcuid tiománaithe, úinéirí agus seirbhísí gaolmhara. Amhail an 30 Meitheamh 2015, bhí iomlán de 21,209 BFSP ceadúnaithe do fhlít na hÉireann; tacsaithe agus tacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí arbh ea 17,485 díobh agus is i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhí thart ar 60% díobh sin.

Amhail an 30 Meitheamh 2015, bhí 28,578 tiománaí BFSP ceadúnaithe chun seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil ar fud na tíre. Baineanna saintréithe ar leith leis an tionscal seo sa mhéid is go gcuimsítear i ngníomhaíocht laethúil an tiománaí obair aonair 24 uair an chloig, seirbhísí ó dhoras go doras ar bhealaí neamhsceidealta, láimhseáil airgid agus earraí luachmhara agus, mar a tuairiscíodh ní ba mhinice le blianta beaga anuas, bagairtí i leith na slándála pearsanta agus foréigean ag an obair. Is tábhachtach an rud é a thabhairt ar aird nach gcuirtear cosc faoin gcreat rialála BFSP atá i bhfeidhm faoi láthair ar aon bhearta sábháilteachta comhréireacha, dleathacha agus tá go leor tiománaithe tar éis bearta den sórt sin a chur chun feidhme cheana féin. Mar sin féin, aithníonn an tÚdarás an baol is féidir le soláthraithe seirbhíse BFSP a bhrath faoin tuath agus i gceantair uirbeacha araon, agus is cuí leis éascú do thionscnamh díospóireachta struchtúrtha sa tionscal agus i measc an phobail trí mheán an Chomhairliúcháin seo.

An Tuarascáil maidir leis an Athbhreithniú ar Rialáil Tacsaithe

I mí Eanáir 2012, foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Rialáil Tacsaithe tar éis athbhreithniú fadréimseach a cuireadh i gcrích i gcomhréir le cinneadh Rialtais a rinneadh i mí an Mheithimh 2011. Sa Ghrúpa Athbhreithnithe, a thionóil an té a bhí ina Aire Iompair Phoiblí agus Iompair Comaitéara an tráth sin, Alan Kelly T.D., agus a bhí faoina chathaoirleacht siúd, áiríodh oibrítheoirí seoltacha, tiománaithe, úinéirí feithicle agus tomhaltóirí, chomh maith le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí rialála agus forfheidhmiúcháin. Bhí an t-athbhreithniú dírithe ar ligean do thomhaltóirí muinín a bheith acu as an earnáil BFSP agus é á chinntiú freisin go bhféadfadh oibrítheoirí agus tiománaithe dlisteanacha, inniúla luach saothair cothrom a fháil trí oibriú faoi chreat rialála arna chur i

bhfeidhm go leordhóthanach. Eascraíonn an doiciméad seo, 'An Comhairliúchán um Threalamh Sábháilteachta Éigeantach do Thiománaithe', as na gníomhartha a moladh sa Tuarascáil.

Sonraítear i nGníomh 37 de Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Rialáil Tacsaithe (aistriúchán):

*"Mar aitheantas ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht na dtiománaithe, cuirfear próiseas comhairliúcháin leis an tionscal ar bun in 2012, faoi na féidearthachtaí agus na tuillteanais a bhaineann le ceanglas a chur i bhfeidhm maidir le trealamh áirithe sábháilteachta tiománaithe a sholáthar ar bhonn **éigeantach** i dtacsaithe. Áitítear leis na roghanna féideartha le haghaidh comhairliúcháin:*

- *Ceamaraí slándála i bhfeithicilí;*
- *Struchtúr deighilte idir limistéar suíocháin tosaigh an tiománaí agus an chuid eile den fheithicil;*
- *Córas rabhaidh suíomhbhunaithe; nó*
- *Roghanna eile a bheidh bunaithe ar an teicneolaíocht nua."*

I gcomhthéacs an ghnímh sin agus an doiciméid seo, glactar leis go bhfolaíonn an téarma "tacsáí" thuas gach catagóir BFSP.

I gcomhthreo leis sin, sonraítear i nGníomh 45 (aistriúchán):

"Moltar sa ghníomh seo go n-aistreofaí ar shlí phleanáilte go dtí úsáid teicneolaíochtaí cliste (leictreonacha) i BFSPanna aonair chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann faoi láthair i dtaobh monatóireacht agus rialáil a dhéanamh ar fhlít ina bhfuil os cionn 20,000 feithicil; agus freisin chun leas níos fearr a bhaint as an gcumas atá ann maidir leis an fhlít BFSPanna a chomhtháthú isteach sa chóras iompair phoiblí níos leithne.

Fágann forbairtí sa teicneolaíocht ríomhaireachta agus cumarsáide, mar aon leis an bhfeabhas ar shofaisticiúlacht na teicneolaíochta i gcarranna, go bhfuil deiseanna nua le tapú i dtaobh an tionscal BFSP a chur chun cinn go dtí leibhéal difriúil, i dtéarmaí idirphlé le custaiméirí agus i dtaca le faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh rialála.

Áirítear leis na cumais a d'fhéadfaí a mheas fáil níos fearr a bheith ar fhaisnéis do chustaiméirí, bailiú sonraí oibríochta feabhsaithe, an cumas nuashonrú cianda a dhéanamh ar tháillí tacsaiméadair, dífheidhmiú cianda an chomhartha dín, gnéithe faireacháin maidir le slándáil tiománaí agus feidhmiúlacht den chineál céanna.

Is dócha go ndéanfar na gnéithe sin a chomhtháthú sa teicneolaíocht tacsáí thar thréimhse ama, ar bhonn incriminteach, agus is tábhachtach an rud é go ndéanfaí moltaí rialaitheacha sa réimse seo a mheas i gcomhthéacs na bhforbairtí dóchúla teicneolaíochta."

Comhairliúchán ar Threalamh Sábháilteachta Éigeantach do BFSPanna

Sa doiciméad comhairliúcháin seo, cuirtear fáilte roimh aighneacht uait i ndáil le trealamh sábháilteachta éigeantach a thabhairt isteach do BFSPanna agus a dtiománaithe. D'fhéadfadh aon rud idir réiteach simplí mar scáthán lánléargais taobh istigh agus áiseanna cúnamh suímh agus aitheantais fíor-ama, beo a bheith i gceist leis an trealamh sábháilteachta éigeantach. Tá tuairimí á lorg uait faoin méid seo a leanas go háirithe:

1. An measann tú gur chóir don trealamh sábháilteachta i BFSPanna a bheith éigeantach?
2. Má mheasann tú gur chóir don trealamh sábháilteachta i BFSPanna a bheith éigeantach, luaigh aon mholtaí ar mhaith leat go ndéanfaí iad a bhreithniú.

Ní mór aighneachtaí, agus iad marcáilte go soiléir leis na focail "*An Comhairliúchán um Threalamh Sábháilteachta Éigeantach do Thiománaithe 2015*", a bheith faighte ag an Údarás faoi **Sin ar an Aoine an 18 Meán Fómhair 2015** tríd an ríomhphost nó ar an bpost chuig an seoladh thíos:

Post: Sábháilteacht Tiománaithe, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: driversafety@nationaltransport.ie

Is dócha go gcuirfear na haighneachtaí a gheofar ar fáil don phobal agus níor chóir ach faisnéis is féidir a fhoilsiú ina hiomláine, agus an fhaisnéis sin amháin, a chur ar fáil sna haighneachtaí.